Aodh Rua Ó Domhnaill, Laoch Thír Chonaill

Aodh Rua Ó Domhnaill, Laoch Thír Chonaill

Buachaill óg rua a bhí ann. Bhí athair s'aige ina thaoiseach i dTír Chonaill. Bhí Aodh le bheith ina thaoiseach nuair a thiocfadh ann dó. Nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois chuaigh sé ar cuairt chuig cairde dá chuid a bhí ina gcónaí ar bhruach Loch Súilí. Lá breá gréine tháinig long isteach sa loch. Chuaigh na cairde uilig síos go dtí an ché lena fháil amach cé a bhí ann. Cuireadh fáilte mhór mhaith rompu. Bhí cuma ar an chaptaen gur dhuine breá a bhí ann agus thug sé cuireadh do na fir óga teacht ar bord na loinge. Chuaigh siad ann agus bhí féasta ag an chaptaen ar an long fána gcoinne. Bhí rogha gach bia agus togha gach dí ann. Bhí ceol ann agus bhain na fir óga sult as. I dtobainne, tháinig slua Sasanach isteach sa tseomra agus cuireadh na fir óga i mbolg na loinge.

Cimí a bhí iontu. Bhí na Sasanaigh breá sásta leo féin. Bhí taoisigh óga Thír Chonaill acu. Sheol an long ar aghaidh go dtáinig siad go Baile Átha Cliath. Ag an am seo bhí Baile Átha Cliath i seilbh na Sasanach. Bhí caisleán acu ann agus is ann a cuireadh Aodh agus a chairde.

Chaith sé trí bliana ann. Bhí a chillín fuar agus tais. Níor tugadh go leor bia dó agus is minic a bhuail na Sasanaigh é. Ní raibh a fhios ag Aodh ach bhí cairde aige ag obair sa phríosún. Chuidigh siad leis éalú oíche amháin i lár an gheimhridh. D'éalaigh sé amach as an chillín, thar bhalla an chaisleáin agus fríd shráideanna Bhaile Átha Cliath.

Lean siad leo i dtreo na sléibhte. Bhí an sneachta ag titim go trom agus bhí Aodh iontach lag. D'fhág a chairde é agus chuaigh siad ag lorg cabhrach. Nuair a phill siad bhí Aodh ceaptha ag na Sasanaigh. Tugadh ar ais go Caisleán Bhaile Átha Cliath é agus cuireadh slabhraí troma miotail air. Tugadh drochíde dó agus chuaigh sé fada go leor gan bia. Bhi díomá ar an fhear óg. Chaith sé bliain iomlán mar sin agus é ceangailte do na slabhraí seo. Ach cuireadh téad agus líomhán chuige. Ghearr sé na slabhraí agus oíche amháin d'éalaigh sé arís. Bhí Art agus Anraí Ó Néill leis an t-am seo. Mí Eanáir a bhí ann agus bhí an sneachta ag titim go trom arís. Bhí na gardaí á dtéamh féin ag tine agus ní fhaca siad na fir óga ag éalú. D'éalaigh na

cimí amach fríd na fuinneoga agus síos an téad. Bhí cara ag fanacht leo agus chuaigh siad ar aghaidh fríd shráideanna Bhaile Átha Cliath. Bhí na Sasanaigh achan áit agus bhí orthu dul i bhfolach uair nó dhó. Chaill siad Anraí sa dorchadas. Chuartaigh siad ach bhí orthu dul ar aghaidh gan é. D'fhág siad Baile Átha Cliath ina ndiaidh agus shiúil siad leo i dtreo Shléibhte Chill Mhantáin. Bhí an sneachta ag titim go trom faoin am seo agus bhí a gcuid éadaigh fliuch báite. Bhí an ghaoth polltach agus bhí sioc ag titim. Thit Art i laige agus bhí ar Aodh a iompar. Chuaigh siad ar aghaidh fríd an sneachta ach bhí siad tuirseach agus bhí fuacht na hoíche ag cur isteach orthu. Shocraigh an cara Aodh agus Art a fhágáil agus cuidiú a fháil. Shuigh Aodh agus Art faoi thom agus chuaigh an fear eile ar aghaidh.

Tháinig sé ar ais cúpla uair ní ba mhoille. Bhí radharc uafásach roimhe. Bhí Aodh agus Art ina luí greamaithe don talamh le sioc. Bhí cairde aige agus thóg siad Art agus Aodh leo go dtí dún chara eile, Fiach Mac Aodh Ó Broin. Tugadh éadaí nua dóibh agus fuair siad bia agus deoch a bhí te. Ach bhí sé rómhall ag Art. Fuair sé bás tamall ina dhiaidh sin. Tháinig Aodh Rua ar ais chuige féin de réir a chéile. Cuireadh Art bocht ar an tsliabh. Chaith Aodh an oiread sin ama ag a chairde sna sléibhte mar bhí damáiste déanta dá chosa. Baineadh méara coise de agus bhí sé bacach an chuid eile dá shaol. Nuair a tháinig sé ar ais chuige féin tugadh capall agus laochra dó chun a bhealach a dhéanamh ar ais go Tír Chonaill. Ar a bhealach ar ais stad sé tamall i nDún Geanainn le hAodh Ó Néill.

Shocraigh siad le chéile go dtroidfeadh siad i gcoinne na Sasanach. Bhí áthas as cuimse ar mhuintir Thír Chonaill nuair a phill an laoch óg chucu. Rinneadh taoiseach de agus chaith sé an chuid eile dá shaol ag troid i gcoinne na nGall sa tír seo.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning